



25 Márta 2021

A Phríomhoide, a chara,

Mar is eol duit rinne an Rialtas cinneadh maidir le filleadh céimnithe daltaí ar scoil le linn mí an Mhárta agus mí Aibreáin. Tá an Cháisc ag dréim linn anois agus is mian liom tiomantas an rialtais a athdhearbhú maidir le filleadh gach dalta chun na scoile ón Luan 12 Aibreán.

Seo í an chéim dheiridh in athoscailt chéimnithe na scoileanna go léir ina dtabharfar gach leanbh ar ais chuig an bhfoghlaim ar scoil, lena n-áirítear na grúpaí ón gcéad bhliain go dtí an ceathrú bliain ag an iar-bhunleibhéal.

Tuigeanann an Roinn na hiarrachtaí ollmhóra a rinne pobail scoileanna lena chinntiú gur éirigh go geal leis an gcianteagasc agus leis an gciánfhoghlaim do dhaltaí agus go ndearnadh pleanáil agus socruithe do na daltaí sin atá tar éis filleadh. Gabhaim buíochas leat as do cheannaireacht agus as iarrachtaí do chuid foirne go léir.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú á dhéanamh go leanúnach ag an Roinn Oideachais, an Roinn Sláinte agus FSS ar fheidhmiú scoileanna. Foilsítear tuairiscí seachtainiúla ar thástáil dlúth-theagmhála laistigh den chóras oideachais agus tá fáil orthu [anseo](#).

Coinníonn sláinte an phobail na bearta um chosc agus rialú ionfhabhtaithe atá i bhfeidhm do scoileanna faoi athbhreithniú. Tá na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair chun feidhmiú sábháilte scoileanna a chinntiú éifeachtach maidir leis an riosca a bhaineann le Covid-19 a íoslaghdú i scoileanna. Tá sé tábhachtach go gcloínn daltaí, baill foirne agus tuismitheoirí go cúramach le gach beart.

- **Maoiniú do ghlantacháin agus TCP:**

Tá socruithe á ndéanamh faoi láthair chun na deontais Covid-19 do ghlantacháin, TCP srl. a íoc le scoileanna.

- **Socruithe Foirne:**

Tiocfaidh deireadh ón 12 Aibreán leis an socrú sealadach foirne a bhí i bhfeidhm le linn na hathoscailte céimnithe. Leanfar le soiléiriú breise maidir le baill foirne atá torrach nuair a dhéanfaidh an FSS tuilleadh machnaimh air. Eiseofar ciorclán nuashonraithe maidir le soláthar foirne, in ionad 49/20, ar 1 Aibreán.



Leanfaidh teagmháil na Roinne le scoileanna ar r-phost agus trí shonraí teachtaireachtaí nua a phostáil ar Esinet agus beidh gach eolas ar fáil trí gov.ie/schools agus ar [Twitter@Education_IRE](https://twitter.com/Education_IRE).

Tá sé tábhachtach go leanfaimid go léir ag cloí le comhairle sláinte poiblí agus go ndéanfaimid ár dteagmhálacha a theorannú le linn na tréimhse seo ionas go ndéantar aon deis ar scaipeadh an víris laistigh dár dteaghlaigh agus inár bpobail a íoslaghdú. Leanfaidh an Rialtas agus an Roinn ag tacú leis seo le teachtaireachtaí sláinte poiblí chuig tuismitheoirí agus daltaí faoin ngá cloí leis an gcomhairle sláinte poiblí, ag cur béime ar chleachtais sláinteachais, fadú sóisialta agus comharthaí Covid a aithint. Díreofar aird ar leith ar cheist na sóisialú agus ar choinní súgartha.

Maidir le hiompar scoile agus sula bhfilltear tar éis saoire na Cásca, eiseoidh Bus Éireann meabhrúcháin do chonraitheoirí bus, do thuismitheoirí agus do dhaltai faoina n-oibleagáidí cloí go docht le moltaí sláinte poiblí a forbraíodh d'iompar scoile. Baineadh amach an fadú sóisialta le hacmhainn 50% ar sheirbhísí iompair iar-bhunscoile ar bheagnach gach bealach chun na scoile sa scéim iar-bhunscoile agus ar an soláthar iar-bhunscoile sa scéim RSO.

Aithníonn an Roinn an iarracht shuntasach leanúnach atá déanta ag gach ball d'fhoireann na scoile agus ag pobal na scoile uile tacú le hoideachas leanaí le linn na tréimhse chasta seo don tsochaí uile. Tá súil agam go mbeidh Cáisc shábháilte agus shíochánta agat féin agus ag pobal na scoile agus go n-éiríonn go geal leis an téarma seo chugainn.

Le dea-mhéin,

Deirdre Shanley

Rúnaí Cúnta